

Feidhm: Ag fiafraí de dhuine/dhaoine an raibh siad ar laethanta saoire agus ag freagairt na ceiste sin

Bileog 5.1

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 5.1** orthu. Abair leo na tíortha atá ar eolas acu ó gach Mór Roinn a scríobh isteach sna boscaí.
- Léigh trí na treoracha faoin léarscáil leo agus tabhair tamall do gach duine smaoiniamh ar an áit a raibh siad ar laethanta saoire agus cén fhad a chaith siad san áit sin.
- Déan druil leis an rang ansin ag cur na ceiste: *An raibh tú thar lear i mbliana?*
- Nuair atá tú sásta go bhfuil an struchtúr ar eolas acu cuir gach beirt ag obair le chéile chun é a chleachtadh.
- Míniú d'óibh ansin go mbeidh siad ag éisteacht le Siobhán (máthair theaghlach Mhic Gearailt) ag déanamh cur síos ar na laethanta saoire a bhí ag an teaghlach ar fad.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó agus pléigh na ceisteanna ansin leis an rang iomlán.
- Cuir an téip ar siúl arís más gá.



Feidhm: Ag tabhairt eolais faoin lóistín a bhí agat ar laethanta saoire

Bileog 5.2

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 5.2** orthu. Míniú d'óibh go bhfuil na litreacha i dteidil na bpictiúr ar fad measctha trí chéile. Caithfidh siad na litreacha a chur san ord ceart leis na hainmneacha cearta a fháil do na pictiúir.

Freagraí:

7. teach saoire
4. óstán
5. teach soghluaiste
8. luamh
1. láithreán campála
3. bád seoil
6. carbhán
2. árasán

-  Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar an cheist. Níl i gceist anseo ach go ndéanfadh gach foghlaimoir machnamh ar an bhealach is fearr dó/di stór focal a fhoghlaim.
-  Tabhair seans do gach beirt anois machnamh a dhéanamh ar an urú:

Ciallaíonn **urú** *eclipse* as Béarla. Athraíonn fuaim an chéad chonsain d'ainmfhocal nuair a chuirtear urú roimhe agus glacann an t-urú an fhuaim nua.

Seo iad na hamanna is coitianta a úsáidtear an t-urú:

- leis an fhoirm cheisteach den bhriathar – an dtéann tú?
- i ndiaidh ‘i’ – i nDún na nGall
- leis an tuiséal tabharthach i gcanúint na Mumhan agus canúint Chonnacht – ar an mbord

•  **Freagraí:**

i dteach saoire
in óstán
i dteach soghluaiste
i luamh
i láithreán campála
i mbád seoil
i gcarbhán
in árasán

- Tabhair seans anois dóibh na briathra sa bhosca a chur san aimsir chaite –

Ar fhan? D’fhan/Níor fhan
An bhfuair? Fuair/Ní bhfuair
Ar champáil? Champáil/Níor champáil
Ar thiomáin? Thiomáin/Níor thiomáin
Ar sheol? Sheol/Níor sheol
Ar thaistil? Thaistil/Níor thaistil

- Déan druil leis an rang ag cleachtadh na mbriathra thuas. Cuir ceisteanna cosúil leis an cheist seo ar dhaoine éagsúla: *Ar fhan tú in óstán nuair a bhí tú thar lear i mbliana? D’fhan/Níor fhan.*
- Anois iarr ar gach duine siúl timpeall an ranga le cleachtadh a dhéanamh ar gach rud atá ar an bhileog. Míniú dóibh go gcaithfidh siad dhá phictiúr ó na pictiúir 1-8 ag barr an leathanaigh a roghnú agus labhairt faoi na laethanta saoire a bhí acu – *chaith mé coicís ar luamh* – mar shampla!
- Ansin caithfidh siad siúl timpeall go dtí go gcasann siad le duine/daoine eile a raibh na cineálacha céanna laethanta saoire acu.
- Scríobh na ceisteanna ar an chlár dubh má cheapann tú go bhfuil siad ag teastáil:
An raibh tú thar lear i mbliana?
Cén áit ar fhan sibh?

Feidhm: Ag cur lóistín in áirithe (comhrá duine le duine agus ar an teileafón)

Bileog 5.3, Bileog 5.4 A agus Bileog 5.4 B

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 5.3** orthu.
- Abair leo go mbeidh siad ag déanamh a machnaimh faoi na habairtí a úsáidtear le lóistín a chur in áirithe. Míniú dóibh gur ceisteanna agus freagraí is mó a

bheidh ann agus go bhfuil an stór focal ar chlé ann le cuidiú leo. Ba cheart go mbeadh na habairtí mar seo:

An féidir liom seomra a chur in áirithe? Is féidir/Ní féidir.

Ba mhaith liom seomra singil a chur in áirithe. Cinnte, nóiméad amháin.

An bhfuil an bricfeasta san áireamh?

- Tabhair seans do gach beirt ansin an fógra faoi Óstán Cheann Sibéal a léamh amach os ard le chéile agus na ceisteanna a fhreagairt.

Freagraí:

1. *Tá sé i mBaile an Fheirtéaraigh (An Buailtín) i gceartlár Ghaeltacht Chorca Dhuibhne i gCiarraí. Sé mhíle - deich gciliméadar - siar ón Daingean.*
 2. *Tá teilifíseán, raidió, ceangal idirlín, áiseanna chun tae agus caife a dhéanamh, triomaitheoirí gruaige agus mar sin de ann - agus tá gach seomra en-suite.*
 3. *Leaba dhúbailte nó dhá leaba shingil atá i gceist le seomra beirte.*
 4. *Níl aon seomraí codlata ar leibhéal na sráide ach tá ardaitheoir san óstán agus seomraí insroichte le cathaoireacha rotha.*
- Léigh thusa an fógra leis an rang iomlán ansin. Bí cinnte go dtuigeann siad é agus go bhfuil an fuaimniú ceart acu chomh maith.
 - Abair leis an rang go mbeidh siad ag déanamh rólghníomhaíochta ar ball beag ach go bhfuil dhá phíosa gramadaí le cleachtadh sula dtosaíonn siad.
 - Súil siar ar na huimhreacha agus praghas rudaí atá i gceist:
 - Scríobh na huimhreacha seo a leanas ar an chlár dubh: 20, 30, 40 etc.
 - Iarr ar dhaoine éagsúla na huimhreacha a rá leat os comhair an ranga agus déan druil leis an rang.
 - Anois scríobh praghsanna ar an chlár - €27, €89 agus araile. Is é an dóigh is cirte ná - *seacht euro agus fiche* ach glactar le *fiche is a seacht euro*. Bí cinnte go bhfuil an rang ar fad ábalta na huimhreacha agus na praghsanna a dhéanamh i gceart.
 - Cuir ceisteanna mar seo ar dhaoine éagsúla sa rang:
Cé mhéad a chosnaíonn cupán caife sa bhialann?
Cé mhéad a chosnaíonn sé seomra a chur in áirithe sa Clarence?
 - Súil siar ar na huimhreacha agus dátaí:
 - Anois scríobh na míonna ar an chlár dubh ag fáil an oiread eolais agus is féidir ón rang iomlán.
 - Cuir ceist ar an rang cad iad na hathruithe a thagann ar na míonna nuair a chuireann tú 'de' roimh an mhí. Scríobh ar an chlár dubh arís iad.

Eanáir

Feabhra

Márta

Aibreán

d'Eanáir

d'Fheabhra

de Mhárta

d'Aibreán

<i>Bealtaine</i>	<i>de Bhealtaine</i>
<i>Meitheamh</i>	<i>de Mheitheamh</i>
<i>Iúil</i>	<i>d'Iúil</i>
<i>Lúnasa</i>	<i>de Lúnasa</i>
<i>Meán Fómhair</i>	<i>de Mheán Fómhair</i>
<i>Deireadh Fómhair</i>	<i>de Dheireadh Fómhair</i>
<i>Samhain</i>	<i>de Shamhain</i>
<i>Nollaig</i>	<i>de Nollaig</i>

- Cuir gach beirt ag obair le chéile arís le plé a dhéanamh ar na horduimhreacha. Tabhair sampla don rang - mar shampla: *An tríú lá de Bhealtaine*.
 - Déan plé leis an rang iomlán ansin agus scríobh na horduimhreacha ar an chlár dubh.
 - Cuir ceist ar chúpla duine cén breithlá atá acu.
 - Mar chleachtadh breise iarr orthu siúl timpeall an ranga ag rá cén breithlá atá acu. Caithfidh siad an oiread daoine agus is féidir a aimsiú a bhfuil a mbreithlá sa mhí chéanna leo féin.
- Déan cóip de **Bhileog 5.4 – Duine A** do leath an ranga agus cóip de **Bhileog 5.4 – Duine B** don leath eile, má tá 12 sa rang mar sin, déan 6 chóip den dá bhileog.
 - Cuir gach beirt ag obair le chéile agus tabhair **Bileog 5.4 – Duine A** do dhuine amháin den bheirt agus **Bileog 5.4 – Duine B** don duine eile.
 - Níl cead acu féachaint ar bhileog an duine eile. Is rún é!
 - Mínígh dóibh gur fáilteoir é/í duine A in óstán agus go bhfuil duine B ag iarraidh deireadh seachtaine a chur in áirithe san óstán.
 - Caithfidh siad comhrá a bheith acu bunaithe ar an eolas atá acu beirt ar a mbileoga agus caithfidh siad an t-eolas a bhreacadh síos sna boscaí agus sna bearnaí.
 - Ba cheart go mbeadh an praghas céanna acu beirt ag deireadh na gníomhaíochta.
 - Scríobh cúpla abairt ar an chlár dubh a bheadh úsáideach do na foghlaimeoirí agus iad i mbun cainte:

Cén dáta atá ar intinn agat?

Tá muid lán.


Cé mhéad duine?

Cad is féidir linn a dhéanamh nuair atá muid ann?

- Tabhair go leor ama do gach beirt an t-eolas a mhalartú agus teacht ar réiteach ar an praghas ceart.
- Bí thusa ar fáil le cuidiú le ceist ar bith le linn na gníomhaíochta.
- Iarr ar bheirt sa rang an rólghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga.
- Nuair atá cuid mhór cainte déanta acu agus an rólghníomhaíocht déanta cuir an téip ar siúil dóibh.
- Cuir ceist ar an rang ansin an raibh an comhrá a bhí idir gach beirt cosúil leis an chomhrá ar an téip.

Feidhm: Ag labhairt faoin chostas a bhaineann le lóistín

Bileog 5.5


- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 5.5** orthu.
- Tabhair cúpla nóiméad do gach beirt plé a dhéanamh ar na focail atá ag barr an leathanaigh agus bí cinnte go dtuigeann siad iad.
- Léigh trí na ceisteanna sa bhosca ar dheis sula gcuireann tú an téip ar siúl.
- Cuir an téip ar siúl faoi dhó agus tabhair seans do na foghlaimeoirí na ceisteanna a fhreagairt.
- Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad.
-  Scríobh na briathra neamhrialta ar an chlár dubh: *téigh, tar, ith, bí, feic, clois, beir, abair, faigh, tabhair* agus *déan*. Abair le gach beirt a bheith ag obair le chéile leis na ceisteanna a chumadh san aimsir chaite agus na freagraí ar na ceisteanna sin a chumadh chomh maith.

<i>abair (say)</i>	<i>An ndúirt tú?</i>	<i>Dúirt/Ní dúirt</i>
<i>beir (catch, give birth to)</i>	<i>Ar rug tú?</i>	<i>Rug/Níor rug</i>
<i>clois (hear)</i>	<i>Ar chuala tú?</i>	<i>Chuala/Níor chuala</i>
<i>déan (make, do)</i>	<i>An ndearna tú?</i>	<i>Rinne/Ní dhearna</i>
<i>faigh (get)</i>	<i>An bhfuair tú?</i>	<i>Fuair/Ní bhfuair</i>
<i>feic (see)</i>	<i>An bhfaca tú?</i>	<i>Chonaic/Ní fhaca</i>
<i>ith (eat)</i>	<i>Ar ith tú?</i>	<i>D'ith/Níor ith</i>
<i>tabhair (give)</i>	<i>Ar thug tú?</i>	<i>Thug/Níor thug</i>
<i>tar (come)</i>	<i>Ar tháinig tú?</i>	<i>Tháinig/Níor tháinig</i>
<i>téigh (go)</i>	<i>An ndeachaigh tú?</i>	<i>Chuaigh/Ní dheachaigh</i>
<i>bí (be)</i>	<i>An raibh tú?</i>	<i>Bhí/Ní raibh</i>

- Abair leo ansin ceisteanna a chur a chéile ag úsáid na mbriathra céanna. Mar shampla:


An bhfuair tú cóta nua? Fuair/Ní bhfuair
An bhfaca tú an nuacht aréir? Chonaic/Ní fhaca

- Anois tabhair seans dóibh na ceisteanna sa bhosca ar chlé a chur ar a chéile agus pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán.

-  1. Súil siar atá anseo ar an teach agus ar sheomraí an tí.
Seomra codlata, seomra folctha, cistin, seomra bia, seomra suí
- 2. Is é atá i gceist anseo ná go gcaithfidh na foghlaimoirí cur síos a dhéanamh anois ar na seomraí sa teach. Mar shampla: *Tá seomra suí mór sa teach.*
- 3. Caithfidh na foghlaimoirí labhairt faoi theach ar fhan siad ann nuair a bhí siad ar laethanta saoire éigin.

Feidhm: Ag labhairt faoi na rudaí a dhéanann daoine ar laethanta saoire

Bileog 5.6

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 5.6** orthu.
- Léigh trí na focail leis an rang agus bí cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart ag gach duine.
-  - *caisleáin, iarsmalanna, eaglaisí, bialanna, margaí agus ionaid siopadóireachta.*
- *seanchaisleáin, seaniarsmalanna, seanardeaglaisí, seanbhalanna, seanmhargaí, ionaid siopadóireachta.*
- Ansin iarr orthu plé a dhéanamh le chéile ar na háiteanna ar thug siad cuairt orthu nuair a bhí siad ar laethanta saoire.
- Iarr ar chúpla duine cur síos a dhéanamh don rang ar na háiteanna ar thug siad cuairt orthu nuair a bhí siad ar laethanta saoire.
- Iarr ar gach beirt ansin a machnamh a dhéanamh ar na rudaí a dhéanfadh siad ar laethanta saoire in áit cosúil leis an phictiúr ar dheis. Mar shampla: *sciáil, siúlóidí sléibhe, radhairc dheasa, bialanna agus dreapadóireacht.*
- Míneigh dóibh ansin go mbeidh siad ag obair leis an duine in aice leo arís agus go mbeidh siad beirt ag úsáid an mhapa den Bhriotáin. Caithfidh siad beirt cúig áit a roghnú ón léarscáil agus a rá leis an duine eile cá raibh siad agus cad é a rinne siad sna háiteanna sin.
- Scríobh na focail bhreise seo ar an chláir dubh ar eagla nach bhfuil siad ar eolas acu: *páirceanna móra, bailte cois farraige, an cósta, aillte, bailte iascaireachta, dúin.*
- Ba cheart go mbeadh an comhrá mar seo:
 - *An raibh tú thar lear i mbliana?*
 - *Bhí, chaith mé mí iomlán sa Bhriotáin.*
 - *Go hiontach, cad a rinne tú nuair a bhí tú ann?*
 - *D'fhan muid an chéad oíche i Nantes. Is cathair álainn í, thug muid cuairt ar an ardeaglais ansin. Chuaigh muid ansin go Morlaix, baile iascaireachta ar an chósta.*
- Nuair atá píosa maith cainte déanta acu iarr ar roinnt beirteanna sa rang an comhrá a bhí eatarthu a léamh amach os ard.
- Ceartaigh botún ar bith más gá.

**Feidhm: Ag labhairt faoi chúrsaí taistil
Ag cur tuairimí in iúl faoin aimsir**

Bileog 5.7 agus Bileog 5.8

- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus scaip **Bileog 5.7** orthu.
- Léigh trí na treoracha go cúramach leis an rang agus mínigh cad é atá le déanamh acu.
 1. Bí cinnte go bhfuil na focail/na modhanna taistil sa chéad bhosca ar eolas acu.
 2. Ansin iarr orthu na logainmneacha Gaeilge agus Béarla a cheangal le chéile.
 3. Le chéile ansin caithfidh gach beirt turas a phleanáil ó Aerfort Dhún na nGall go dtí Leitir Ceanainn. Mar shampla:

Tháinig muid go dtí Aerfort Dhún na nGall agus fuair muid an bus go dtí Ailt an Chorráin agus an bád farantóireachta go hÁrainn Mhór. . .

- Tabhair seans maith dóibh é sin a dhéanamh le chéile agus faigh amach cén turas a bhí ag gach beirt sa rang.
- Iarr orthu ansin an féidir leo an míniú taobh thiar de gach logainm a phlé le chéile. Mura bhfuil siad ar eolas acu abair leo buille faoi thuairim a thabhairt.

<i>Árainn Mhór:</i>	<i>Large ridge</i>
<i>Dún Fionnachaidh:</i>	<i>The fort of the fair tribe</i>
<i>Ráth Maoláin:</i>	<i>Fort of the little hill</i>
<i>An Bun Beag:</i>	<i>The small river mouth</i>
<i>Ráth Mealtáin:</i>	<i>The fort of Mealtan</i>
<i>Oileán Thoraigh:</i>	<i>The island of the king's tower</i>
<i>Ailt an Chorráin:</i>	<i>The crescent ravine</i>
<i>Leitir Ceanainn:</i>	<i>The small hill of the Canons</i>
<i>Craoslach:</i>	<i>The gorge</i>
<i>Anagaire:</i>	<i>Ford of the Herons</i>

- Tabhair tamall dóibh ansin na habairtí a bhaineann leis an aimsir a phlé le chéile agus cabhraigh leo cur leis na habairtí.
- Iarr orthu labhairt faoin aimsir inniu. Déan plé leis an rang iomlán ansin faoin aimsir don lá inniu.
- Déan cóip de **Bhileog 5.8 – Duine A** do leath an ranga agus cóip de **Bhileog 5.8 – Duine B** don leath eile. Má tá 12 sa rang mar sin, déan 6 chóip den dá bhileog.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile agus tabhair **Bileog 5.8 – Duine A** do dhuine amháin den bheirt agus **Bileog 5.8 – Duine B** don duine eile.
- Níl cead acu féachaint ar bhileog an duine eile. Is rún é!

- Mínigh dóibh go bhfuil eolas difriúil acu beirt faoi na laethanta saoire a bhí acu i mbliana.
- Mínigh dóibh chomh maith gur cleachtadh scaoilte go leor é seo - ag tabhairt seans dóibh úsáid a bhaint as an stór focal nua a d'fhoghlaim siad le linn an aonaid seo.
- Tá na ceisteanna ann le cuidiú leo.
- Abair leo píosa scríbhneoireachta a dhéanamh don chéad rang eile, ag déanamh cur síos ar laethanta saoire a bhí acu ar na mallaibh.